

Deireadh leis an Scrúdú Gaeilge do Ghardaí

Eochairfhocail: An tAire Dlí agus Cirt, comhaontú, rialachán, earcaithe nua, sáirsint, cigire
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cén fáth a ndéanadh Gardaí an scrúdú Gaeilge seo a bhfuil deireadh tagtha leis?
2. Cad a rinne an tAire Dlí agus Cirt Heather Humphreys sa bhliain 2021?
3. Cén marc nó grád a bheadh le baint amach ag Garda sa scrúdú Gaeilge seo a chabhródh leo ardú céim a fháil?
4. An raibh aon bhealach ann nach mbeadh ar Gharda an scrúdú seo a shuí agus an t-ardú céime á lorg aige nó aici?
5. Cén tAcht tábhachtach a bhain leis an nGaeilge agus a bhí á phlé sa Dáil sa bhliain 2021?
6. Cad ba mhaith le Conradh na Gaeilge a tharlódh anois?
7. Cén fáth nár ceapadh sáirsint ar bith go fóill i stáisiún an Gharda Síochána i nGaeltacht Ghaoth Dobhair?
8. 8.Cén soiléiriú atá iarrtha ag Pat ‘the Cope’ Gallagher TD ar an Aire Dlí agus Cirt?




Deireadh leis an Scrúdú Gaeilge do Ghardaí

Eochairfhocail: An tAire Dlí agus Cirt, comhaontú, rialachán, earcaithe nua, sáirsint, cigire
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Scríobh amach an sliocht seo faoin nGarda Síochána agus na deich mbotún ceartaithe agat.

An Garda Síochána a thugtar ar (1)fórsa póilíneachta na hÉireann. Bunaíodh an fórsa nuair a tháinig ann do Shaorstát na (2)hÉirinn sa bhliain 1922. Is fórsa póilíneachta neamharmtha é an Garda Síochána agus is rud é seo a bhfuil an (3)fhórsa féin agus muintir na hÉireann trí chéile an-bhródúil as. Tá ceanncheathrú an Gharda Síochána suite i (4)Páirc an Fhionnuisce i mBaile (5)Áth Cliath. Is é Coimisinéir an Gharda Síochána atá i gceannas na heagraíochta. (6)Chuirtear an-bhéim ar an bpóilíneacht phobail sa Gharda (7)síochána, sé sin, gur cuid (8)lárneach den phobal áitiúil iad baill an Gharda Síochána agus go (9)n-oibreann siad go dlúth le heagraíochtaí áitiúla an (10)ceantar chun dea-chaidrimh a chothú.



Deireadh leis an Scrúdú Gaeilge do Ghardaí


Eochairfhocail: An tAire Dlí agus Cirt, comhaontú, rialachán, earcaithe nua, sáirsint, cigire
Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh

Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

Is Garda Síochána tú i gceantar Gaeltachta in iarthar na hÉireann. Déan cur síos ar an ngnáthlá oibre a bhíonn agat. Is leor 75 focal nó mar sin sa chur síos. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.

Páipéarachas	Foirmeacha ón bpobal a líonadh isteach
Tiomáint timpeall an cheantair	Glao gutháin
Muintir an phobail	Eagraíochtaí agus gnólachtaí áitiúla

Deireadh leis an Scrúdú Gaeilge do Ghardaí



Freagraí:

1. Chun ardú céime a fháil go grád an tsáirsint nó an chigire
2. D'fhág sí gach tagairt don scrúdú seo as an áireamh i rialachán nua.
3. Pas a fháil
4. Ní raibh, ach amháin dá mbeadh comhaontú ann idir Coimisinéir an Gharda Síochána agus an tAire Dlí agus Cirt
5. Acht na dTeangacha Oifigiúla
6. Go gcuirfí plean ceart cuimsitheach le chéile chun go n-éireodh leis na Gardaí 20% d'earcaithe nua sa tseirbhís a bheith inniúil ar an nGaeilge faoin mbliain 2030
7. Toisc nach bhfuil Garda ar bith le Gaeilge ar fáil leis an bpost a líonadh
8. Cé acu an gcaithfidh nó nach gcaithfidh cumas sa Ghaeilge a bheith ag sáirsint feasta.

An Garda Síochána a thugtar ar fhórsa póilíneachta na hÉireann. Bunaíodh an fórsa nuair a tháinig ann do Shaorstát na hÉireann sa bhliain 1922. Is fórsa póilíneachta neamharmtha é an Garda Síochána agus is rud é seo a bhfuil an fórsa féin agus muintir na hÉireann trí chéile an-bhródúil as. Tá ceanncheathrú an Gharda Síochána suite i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath. Is é Coimisinéir an Gharda Síochána atá i gceannas na heagraíochta. Cuirtear an-bhéim ar an bpóilíneacht phobail sa Gharda Síochána, sé sin, gur cuid lárnach den phobal áitiúil iad baill an Gharda Síochána agus go n-oibríonn siad go dlúth le heagraíochtaí áitiúla an cheantair chun dea-chaidrimh a chothú.